CINNEADH (CBES) 2021/1011 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Meitheamh 2021

lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tSaiheil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/2274 ([1]) lena gceaptar Ángel LOSADA FERNÁNDEZ mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don tSaiheil.

(2) An 25 Meitheamh 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/906 ([2]) lena gcuirtear síneadh le sainordú Ángel LOSADA FERNÁNDEZ mar ISAE don tSaiheil, Rinneadh an Cinneadh sin a leasú go deireanach le Cinneadh (CBES) 2021/383 ([3]) ón gComhairle. Rachaidh sainordú ISAE in éag an 30 Meitheamh 2021.

(3) Ba cheart ISAE nua don tSaiheil a cheapadh ar feadh tréimhse 14 mhí.

(4) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas, agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh

1. Leis seo, ceaptar Emanuela DEL RE mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) don tSaiheil ón 1 Iúil 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfaí sainordú ISAE a shíneadh nó a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (CPS) agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.

2. Chun críocha shainordú ISAE, sainítear gurb í an tSaiheil an limistéir sin lena mbaineann príomhraon feidhme geografach Straitéis Chomhtháite an Aontais sa tSaiheil ("an Straitéis"), arna glacadh le conclúidí 7723/21 ón gComhairle an 16 Aibreán 2021, eadhon Burkina Faso, Sead, Mailí, an Mhárataín agus an Nígir. Rachaidh ISAE i mbun plé freisin le tíortha Imchuach Loch Shead agus le tíortha eile agus le heintitis réigiúnacha nó idirnáisiúnta lasmuigh den tSaiheil, lena n-áirítear an Mhagraib, an Afraic Thiar agus Murascaill na Guine, de réir mar is iomchuí.

Airteagal 2

Cuspóirí beartais

1. Bunaithe ar chuspóirí beartais na Straitéise, is é a bheidh mar shainordú ag ISAE rannchuidiú go gníomhach agus tosaíocht a thabhairt do hiarrachtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta síocháin, slándáil, cobhsaíocht agus forbairt mharthanach a bhaint amach sa réigiún. Thairis sin, beidh sé d'aidhm ag ISAE feabhas a chur ar cháilíocht, tionchar agus infheictheacht rannpháirteachas ilghnéitheach an Aontais sa tSaiheil.

([1]) Cinneadh (CBES) 2015/2274 ón gComhairle an 7 Nollaig 2015 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tSaiheil (IO L 322, 8.12.2015, lch. 44).

([2]) Cinneadh (CBES) 2018/906 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tSaiheil (IO L 161, 26.6.2018, lch. 22).

([3]) Cinneadh (CBES) 2021/283 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/906 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontaigh Eorpaigh don tSaiheil (IO L 62, 23.2.2021, lch. 47).

2. Rannchuideoidh ISAE le hiarrachtaí an Aontais sa réigiún a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar bhealach comhtháite, lena n-áirítear i réimsí na polaitíochta, na slándála agus na forbartha, agus leis na hionstraimí agus na geallsealbhóirí ábhartha uile do ghníomhaíochtaí an Aontais a chomhordú. Rannchuideoidh ISAE le hiarrachtaí rannpháirteachais agus comhordúcháin an Aontais a dhoimhniú le sásraí náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta, go háirithe an Chomhpháirtíocht le haghaidh Slándála agus Cobhsaíochta sa tSaiheil (P3S), Comhaontas na Saiheile agus an Chomhghuaillíocht don tSaiheil, mar chreat le haghaidh rannpháirtíocht pholaitiúil agus straitéiseach leis an tSaiheil.

3. Saothrófar gníomhaíocht ISAE i ndlúthchomhar agus i gcomhordú leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, le toscaireachtaí an Aontais, leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí ábhartha eile. Tabharfar aird ar leith ar an gcomhpháirtíocht le G5 na Saiheile a neartú agus a dhoimhniú, agus ar rannchuidiú leis an machnamh idirnáisiúnta ar chistiú buan intuartha chun tacú le Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile.

Airteagal 3

Sainordú

1. Chun na cuspóirí beartais sa tSaiheil a bhaint amach, is é an méid seo a leanas a bheidh mar shainordú ag ISAE:

(a) rannchuidiú go gníomhach le cur chun feidhme na Straitéise agus cur chuige comhtháite an Aontais i leith na ngéarchéimeanna sa réigiún a chomhordú agus a fhorbairt a thuilleadh, d'fhonn feabhas a chur ar chomhleanúnachas agus éifeachtacht fhoriomlán ghníomhaíochtaí an Aontais sa tSaiheil;

(b) dul i mbun plé, lena n-áirítear trí thaidhleoireacht tointeála, leo siúd a leanas: geallsealbhóirí ábhartha uile sa réigiún, rialtais, eagraíochtaí réigiúnacha, go háirithe G5 na Saiheile agus a Fhórsa Comhpháirteach, sínitheoirí an Chomhaontaithe um Shíocháin agus Athmhuintearas i Mailí atá mar thoradh ar Phróiseas na hAilgéire (Chomhaontú Síochána Mhailí), eagraíochtaí idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta agus diaspóraí, lena n-áirítear le tíortha uile na Magraibe, Mhurascaill na Guine agus imchuach Loch Shead, d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóirí an Aontais agus rannchuidiú le tuiscint níos fearr ar ról an Aontais sa tSaiheil. Tabharfar aird *inter alia*, le G5 na Saiheile, ar urraim a thabhairt do chearta an duine agus do ghnéithe neamh-mhíleata an fhórsa, amhail na póilíní;

(c) ionadaíocht a dhéanamh do leasanna agus infheictheacht an Aontais i bhfóraim ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta agus iad sin a chur chun cinn, trína a bheith rannpháirteach in *Comité de Suivi* Chomhaontú Síochána Mhailí, agus i bpróisis náisiúnta eile is ábhartha do chobhsaíocht an réigiúin;

(d) gníomhaíocht chuimsitheach an Aontais atá comhordaithe go hiomlán a éascú sa réigiún agus leas á bhaint as na hionstraimí ábhartha uile, lena n-áirítear an tSaoráid Eorpach Síochána, maidir le comhar um fhorbairt, gníomhaíochtaí na mBallstát agus tacaíocht ón Aontas do bhainistiú géarchéime agus cosc coinbhleachtaí trí mhisean míleata an Aontais Eorpaigh chun cur le hoiliúint Fhórsaí Armtha Mhailí (EUTM Mali), misean CBSC an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUCAP Sahel Mali), misean CBSC an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUCAP Sahel Niger), agus maidir le hiarrachtaí cobhsaíochta laistigh de Chomhghuaillíocht na Saiheile, go háirithe an P3S agus Comhaontas na Saiheile; agus a gcuid rúnaíochtaí faoi seach;

(e) dlúthchomhar a choinneáil leis na Náisiúin Aontaithe, go háirithe leo siúd a leanas: Ionadaí Speisialta Ardrúnaí na hAfraice Thiar agus na Saiheile, an Comhordaitheoir Speisialta um Fhorbairt sa tSaiheil, Ionadaí Speisialta an Ardrúnaí agus an Ceann Mhisean Cobhsaíochta Comhtháite Iltoiseach na Náisiún Aontaithe i Mailí (MINUSMA), an tAontas Afracach, go háirithe Ardionadaí an Aontais Afracaigh do Mhailí agus don tSaiheil, G5 na Saiheile, go háirithe Uachtaránacht G5 agus a Rúnaí Feidhmiúcháin, Ardionadaí Chomhghuaillíocht don tSaiheil, Comhphobal Eacnamaíoch Stáit na hAfraice Thiar, Coimisiún imchuach Loch Shead; Údarás Liptako-Gourma; agus geallsealbhóirí ceannródaíocha náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear toscairí speisialta eile don tSaiheil, chomh maith leis na húdaráis ábhartha go háirithe sa Mhagraib, i gCorn na hAfraice, i Murascaill na Guine agus i limistéar an Mheánoirthir;

(f) súil ghéar a choinneáil, anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag bunchúiseanna na héagobhsaíochta agus ag treochtaí fadtéarmacha sa réigiún, lena n-áirítear an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, tréadachas, rochtain ar acmhainní nádúrtha, go háirithe acmhainní talún agus uisce, chomh maith le bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a threisíonn cobhsaíocht mar aon le comhar ina leith a chur chun cinn, agus tacú leis na hiarrachtaí leathadh na héagobhsaíochta a theorannú, trí aird ar leith a thabhairt ar na réigiúin is leochailí ó thaobh na slándála de, go háirithe réigiúin Liptako-Gourma agus Loch Shead;

(g) súil ghéar a choinneáil ar ghnéithe réigiúnacha agus trasteorann na ndúshlán atá os comhair an réigiúin, lena n-áirítear paindéimí, sceimhlitheoireacht, coireacht eagraithe, cibearbhagairtí, smuigleáil arm, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine, gáinneáil ar dhrugaí, slándáil mhuirí, sreabha dídeanaithe agus imirce agus sreabha airgeadais aindleathacha gaolmhara;

(h) súil ghéar a choinneáil ar na hiarmhairtí daonnúla, polaitiúla, slándála agus forbartha a bhíonn ag sreabha móra dídeanaithe agus imirce, lena n-áirítear daoine easáitithe ina dtír féin. Arna iarraidh sin, dul i mbun idirphlé leis na geallsealbhóirí ábhartha ar chúrsaí imirce agus rannchuidiú ar bhonn níos ginearálta le beartas an Aontais maidir leis an imirce agus dídeanaithe a mhéid a bhaineann leis an réigiún, i gcomhréir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, chun leanúint de chomhar torthúil a chur chun cinn i réimsí na himirce, bunaithe ar na comhpháirtíochtaí cuiditheacha a bunaíodh le blianta beaga anuas;

(i) i ndlúthchomhar le Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh, rannchuidiú le Straitéis Frithsceimhlitheoireachta an Aontais a chur chun feidhme a thuilleadh chomh maith leis na Conclúidí ábhartha ón gComhairle maidir leis an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac. Teagmháil pholaitiúil ardleibhéil a dhéanamh go rialta leis na tíortha sa réigiún dá ndéanann an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe idirnáisiúnta difear agus ról lárnach an Aontais sna hiarrachtaí an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe idirnáisiúnta agus na bunchúiseanna atá leo a chomhrac a áirithiú. Áirítear air sin iarrachtaí an Aontais feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé d'acmhainneacht réigiúnach na hearnála slándála trí réigiúnú mhisin an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) agus trí thacaíocht ghníomhach a thabhairt d'fhothú acmhainneachta réigiúnaí, go háirithe Fórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile, a chomhordú le gníomhaithe idirnáisiúnta amhail MINUSMA, agus a chaidreamh leis an bpobal áitiúil, i gcomhréir le Rúin 2359 (2017) agus 2391 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;

(j) súil ghéar a choinneáil ar iarmhairtí polaitiúla, slándála agus forbartha na ngéarchéimeanna daonnúla sa réigiún;

(k) rannchuidiú, i gcomhar le ISAE um Chearta an Duine, le cur chun feidhme bheartas an Aontais um chearta an duine sa réigiún, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, le Treoirlínte an Aontais maidir le Cearta an Duine, go háirithe Treoirlínte an Aontais maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha, chomh maith leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, agus gach cineál idirdhealaithe ina n-aghaidh a chomhrac, agus beartas an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta 2019-2024 an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, cuimsitheacht agus comhionannas inscne a chur chun cinn i bpróiseas tógála an Stáit, i gcomhréir le UNSCR 1325 (2000) agus rúin a rinneadh ina dhiaidh sin maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, lena n-áirítear UNSCR 2242 (2015), agus tacú le UNSCR 2250 (2015) maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil;

(l) leanúint d'aird ar leith a thabhairt ar earnáil an cheartais ina hiomláine agus ar na sásraí cuntasachta chun an tsaoirse ó phionós a chomhrac agus chun muinín an phobail as an gcóras ceartais atá acu a athbhunú. Áireofar ar an rannchuidiú sin ó ISAE, faireachán agus tuairisciú rialta a dhéanamh ar a bhfuil ag titim amach, chomh maith le moltaí a cheapadh i ndáil leis sin agus teagmháil rialta a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha sa réigiún, le hOifig Ionchúisitheoir na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, le hOifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine agus dul i mbun plé le cosantóirí chearta an duine agus le breathnóirí sa réigiún;

(m) trí theagmháil a dhéanamh go rialta le daoine sa réigiún, lena n-áirítear gníomhaithe áitiúla, cur amach an Aontais ar ionchais áitiúla agus ar chomhthéacsanna áitiúla a mhéadú. Bunaithe ar anailís chríochnúil, leanúnach ar an staid, próiseas machnaimh a éascú agus rannchuidiú le freagairt luath agus fís straitéiseach fhadtéarmach an Aontais sa tSaiheil;

(n) obair leantach agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rún ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe UNSCRanna 2056 (2012), 2071 (2012), 2085 (2012), 2100 (2013), 2227 (2015), 2295 (2016), 2364 (2017), 2374 (2017), 2359 (2017), 2391 (2017), 2423 (2018), 2432 (2018), 2480 (2019), 2484 (2019), 2531 (2020) agus 2541 (2020).

2. Chun sainordú ISAE a chomhlíonadh, déanfaidh ISAE *inter alia* na nithe seo a leanas:

(a) comhairle a thabhairt agus tuairisciú a dhéanamh ar fhoirmliú sheasaimh an Aontais i bhfóraim réigiúnacha agus idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, chun gníomhaíocht bunaithe ar chomhpháirtíocht agus cuntasacht fhrithpháirteach a chur chun cinn go réamhghníomhach agus cur chuige cuimsitheach an Aontais i leith na Saiheile a neartú;

(b) rannchuidiú le forléargas a choinneáil ar ghníomhaíochtaí uile an Aontais agus comhoibriú go dlúth le toscaireachtaí ábhartha an Aontais agus leis na Ballstáit.

Airteagal 4

An sainordú a chur chun feidhme

1. Beidh ISAE freagrach as an sainordú a chur chun feidhme, ag gníomhú dó nó di faoi údarás an Ardionadaí.

2. Coinneoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála nasc pribhléideach le ISAE agus is é a bheidh ina phríomhphointe teagmhála ISAE leis an gComhairle. Cuirfidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála treoir straitéiseach agus stiúradh polaitiúil ar fáil do ISAE faoi chuimsiú an tsainordaithe, gan dochar do chumhachtaí an Ardionadaí.

3. Comhoibreoidh ISEA leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus lena ranna ábhartha, agus oibreoidh sé i ndlúthchomhar leo.

Airteagal 5

Maoiniú

1. Is é EUR 1 588 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE sa tréimhse ón 1 Iúil 2021 go dtí an 31 Lúnasa 2022 a chumhdach.

2. Bainisteofar an caiteachas i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

3. Beidh bainistiú an chaiteachais faoi réir conradh idir ISAE agus an Coimisiún. Is don Choimisiún a bheidh ISAE cuntasach as gach caiteachas.

Airteagal 6

Tiomsú agus comhdhéanamh na foirne

1. Laistigh de theorainneacha shainordú ISAE agus de na hacmhainní airgeadais comhfhreagracha a chuirfear ar fáil, beidh ISAE freagrach as foireann a chur le chéile. Áireofar san fhoireann an saineolas maidir le saincheisteanna beartais de réir mar a cheanglaítear leis an sainordú. Coinneoidh ISAE an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas go pras faoi chomhdhéanamh na foirne.

2. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí de chuid an Aontais agus SEGS a mholadh go mbeadh foireann ar iasacht ag obair le ISAE. Is iad an Ballstát, an institiúid de chuid an Aontais lena mbaineann nó SEGS, faoi seach, a chumhdóidh tuarastal an phearsanra sin atá ar iasacht. Féadfar saineolaithe atá ar iasacht ó na Ballstáit chuig institiúidí de chuid an Aontais nó chuig SEGS a phostú chun oibriú le ISAE freisin. Beidh náisiúntacht Bhallstáit ag baill foirne idirnáisiúnta ar conradh.

3. Is faoi údarás riaracháin an Bhallstáit seolta, institiúid seolta an Aontais nó SEGS a fhanfaidh an pearsanra uile ar iasacht agus comhlíonfaidh siad a ndualgais agus feidhmeoidh siad chun leas shainordú ISAE.

4. Comhlonnófar foireann ISAE le roinn ábhartha SEGS, le toscaireachtaí an Aontais chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a ngníomhaíochtaí faoi seach a áirithiú.

Airteagal 7

Pribhléidí agus díolúintí ISAE agus fhoireann ISAE

Déanfar na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí breise is gá le haghaidh chomhlánú agus dhea-fheidhmiú mhisean ISAE chomh maith le baill foirne ISAE a chomhaontú leis na tíortha óstacha, de réir mar is iomchuí. Deonóidh na Ballstáit agus SEGS gach tacaíocht is gá chun na críche sin.

Airteagal 8

Slándáil fhaisnéis rúnaicmithe an Aontais

Urramóidh ISAE agus baill fhoireann ISAE na prionsabail slándála agus na híoschaighdeáin arna mbunú le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([4]).

Airteagal 9

Rochtain ar fhaisnéis agus ar thacaíocht lóistíochta

1. Áiritheoidh na Ballstáit, an Coimisiún, SEGS agus Ardrúnaíocht na Comhairle go dtabharfar rochtain do ISAE ar aon fhaisnéis ábhartha.

2. Cuirfidh toscaireachtaí an Aontais sa réigiún agus/nó na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, tacaíocht lóistíochta ar fáil sa réigiún.

Airteagal 10

Slándáil

I gcomhréir le beartas an Aontais maidir le slándáil an phearsanra a imscartar lasmuigh den Aontas i gcáil oibríochtúil faoi Theideal V den Chonradh, déanfaidh ISAE gach beart is féidir le réasún, i gcomhréir le sainordú ISAE agus le staid na slándála i réimse na freagrachta, i ndáil le slándáil an phearsanra uile atá faoi údarás díreach ISAE, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) plean slándála sonrach a bhunú a bheidh bunaithe ar threoir ó SEGS, lena n-áirítear bearta slándála sonracha fisiciúla, eagraíochtúla agus nós imeachta, lena rialaítear bainistiú ar ghluaiseacht shlán pearsanra chuig an réimse freagrachta agus laistigh de, chomh maith le bainistiú teagmhas slándála, agus lena n-áirítear plean teagmhais agus plean aslonnaithe;

(b) a áirithiú go gcumhdófar an pearsanra uile a imscartar lasmuigh den Aontas le hárachas ardriosca mar a cheanglaítear leis na coinníollacha i réimse na freagrachta;

(c) a áirithiú go mbeidh oiliúint slándála iomchuí faighte ag foireann ISAE a bheidh le himscaradh lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear pearsanra a bheidh ar conradh go háitiúil, roimh theacht i réimse na freagrachta nó ar theacht isteach sa réimse sin dóibh, bunaithe ar na rátálacha riosca arna sannadh ag SEGS don réimse sin;

(d) a áirithiú go ndéanfar na moltaí comhaontaithe uile, a dhéantar tar éis measúnuithe rialta slándála, a chur chun feidhme agus tuarascálacha i scríbhinn a chur ar fáil don Ardionadaí, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir lena gcur chun feidhme agus maidir le saincheisteanna slándála eile faoi chuimsiú na dtuarascálacha rialta ar an dul chun cinn agus na tuarascála cuimsithí críochnaithí ar chur chun feidhme an tsainordaithe.

Airteagal 11

Tuairisciú

Cuirfidh ISAE tuarascálacha i scríbhinn agus ó bhéal ar fáil go tráthrialta don Ardionadaí agus don Choiste Polaitiúil agus Slándála. Tuairisceoidh ISAE do mheithleacha de chuid na Comhairle freisin de réir mar is gá. Scaipfear tuarascálacha rialta trí líonra COREU. Féadfaidh ISAE tuarascálacha a chur ar fáil don Chomhairle Gnóthaí Eachtracha. I gcomhréir le hAirteagail 36 den Chonradh, féadfaidh ISAE a bheith rannpháirteach i bhfaisnéis a chur ar fáil do Pharlaimint na hEorpa.

([4]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

Airteagal 12

Comhordú

1. Faoi chuimsiú na straitéise, rannchuideoidh ISAE le haontacht, comhsheasmhacht agus éifeachtacht ghníomhaíocht an Aontais agus cabhróidh ISAE lena áirithiú go ndéanfar ionstraimí uile an Aontais agus gníomhaíochtaí uile na mBallstát a shaothrú go comhsheasmhach, chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Iarrfar idirchaidreamh leis na Ballstáit i gcás inarb iomchuí. Déanfar gníomhaíochtaí ISAE a chomhordú le gníomhaíochtaí de chuid thoscaireachtaí an Aontais agus de chuid an Choimisiúin, chomh maith le gníomhaíochtaí ISAEnna eile atá gníomhach sa réigiún. Cuirfidh ISAE seisiúin faisnéise thráthrialta ar fáil do thoscaireachtaí an Aontais agus do mhisin na mBallstát sa réigiún.

2. Ar an láthair, coinneofar dlúthchaidreamh le Cinn mhisin ábhartha na mBallstát, le Cinn thoscaireachtaí ábhartha an Aontais agus le Cinn mhisean CSC. Déanfaidh siad gach iarracht cúnamh a thabhairt do ISAE agus an sainordú á chur chun feidhme acu. Cuirfidh ISAE, i ndlúthchomhar leis na toscaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, treoir pholaitiúil áitiúil ar fáil do cheann misin EUCAP Sahel Niger, do cheann misin EUCAP Sahel Mali agus do Cheannasaí Misin EUTM Mali. Rachaidh ISAE, Ceannasaí Misin EUTM Mali agus an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha i gcomhairle le chéile de réir mar is gá. Déanfaidh ISAE idirchaidreamh freisin le gníomhaithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile ar an láthair.

Airteagal 13

Cúnamh i ndáil le héilimh

Tabharfaidh ISAE agus foireann ISAE cúnamh maidir le heilimintí a chur ar fáil chun freagairt ar aon éilimh agus oibleagáidí a eascraíonn as sainorduithe ISAEnna a bhí ann roimhe seo don tSaiheil agus cuirfidh siad cúnamh riaracháin agus rochtain ar na comhaid ábhartha ar fáil chun na gcríoch sin.

Airteagal 14

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme an Chinnidh seo agus ar a chomhsheasmhacht le rannchuidithe eile ón Aontas leis an réigiún. Cuirfidh ISAE tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid an Ardionadaí, na Comhairle agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoin 31 Bealtaine 2022.

Airteagal 15

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES